

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



Plean Gnó
2023



Clár na nÁbhar

Réamhrá	04
Caibidil 1: Tosaíochtaí agus Cuspóirí 2023	07
Caibidil 2: Tiomantais Rialtais Eile	18
Caibidil 3: An Creat Airgeadais	21
- Forléargas	21
- Plean Buiséid agus Maoiniú Seirbhíse Tionscadail 2023	21
- Próifiliú agus Tuairisciú Airgeadais	23
- Caiteachas Caipitil	23
Caibidil 4: Próifíl Fórsa Oibre agus Acmhainní Daonna	24
- Forléargas	24
- Straitéis Mhuintir Tusla	24
Aguisín 1: An Creat Airgeadais (Breise)	27
- Maoiniú ar an Iomlán le haghaidh 2023	27
- Olltoradh Ionchais le haghaidh 2022	29
- Réimsí Riosca Airgeadais	31
- Caiteachas Caipitil	34
- Tosaíochtaí Airgeadais 2023	36
- Tosaíochtaí Soláthair 2023	36
Aguisín 2: Spriocanna/Beartha Gníomhaíochta do Bhliain 3	37
Aguisín 3: Liosta Giorrúchán	39

Réamhrá

Thar ceann an Bhoird agus an Choiste Feidhmiúcháin den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cuirfimid fáilte roimh an deis é sin a thabhairt isteach do Phlean Gnó 2023. Faoi threoir ag tosaíochtaí an Rialtais mar atá leagtha amach i Ráiteas Feidhmiúcháin an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige leagann an plean seo amach na príomhghníomhaíochtaí don Ghníomhaireacht in 2023. Cuirfimid fáilte roimh na tosaíochtaí atá leagtha amach ag an Aire Oideachais agus ag an Aire Dlí agus Cirt mar atá léirithe i gCaibidil 2 den phlean. Leanann an méid sin leasú ar neamart an Rialtais d'aidhmeanna ar leith sa Ghníomhaireacht.

Leis an bplean seo déanfaidh an Ghníomhaireacht dul chun cinn tríd an tríú bliain den Phlean Corparáideach 2021 - 2023 agus muid ag díriú ár bhfócas ar fheabhsú sna trí réimse de Chleachtadh, Cultúr agus Struchtúr.



Maidir leis an bPlean seo

Agus é déanta faoi stiúir an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige don Ghníomhaireacht, leagann an plean seo feabhsúcháin agus forbairtí ar leith amach a chuirfimid chun cinn in 2023. Ní léiríonn sé gach ceann de ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta de réir a nádúir.

Léiríonn **Caibidil a hAon** den phlean seo na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid in 2023. Tá na gníomhaíochtaí seo ailínithe leis na trí réimse athruithe straitéiseacha ar ardleibhéal de Chleachtadh, Cultúr agus Struchtúr a bhfuil béim acu ar dhul i ngleic le dúshlán ghníomhaireachta agus próiseas feabhsúcháin leanúnach a chinntiú. I mbliana, tá gníomhaíochtaí roinnte i ngníomhaireachtaí tosaíochta (a sheasann don nasc go Clár Cleachtaidh, Cultúir, Clár Athraithe Struchtúir) agus Gnó mar is londúil atá mar ghníomhaíochtaí atá ábhartha do threoir an Aire (trí Ráiteas Feidhmiúcháin 2023) agus ár gcuspóirí um Plean Corparáideach.

Sonraíonn **Caibidil a Dó** gníomhaíochtaí a dhéanfaidh Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), Seirbhís Chlárúcháin agus Measúnuithe um Oideachas Malartach (AEARS) Seirbhís um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) in 2023. Tá na gníomhaíochtaí seo sonraithe leo féin a sheasann go bhfuil an treoir beartais agus reachtaíochta de na seirbhísí seo faoi stiúir na Roinne Oideachais (maidir le TESS agus AEARS) agus faoi stiúir na Roinne Dlí agus Cirt (maidir le DSGBV).

Sonraíonn **Caibidil a Trí** an Creat Airgeadais lena mbeimid ag feidhmiú in 2023 i gcomhthéacs an mhaoiniú san iomlán atá leithdháilte don Ghníomhaireacht. Leagaimid amach maoiniú atá leithdháilte do thionscnaimh atá curtha in ord tosaíochta in 2023 anseo (ceangailte lenár gcuspóirí agus ár spriocanna), agus ag tabhairt aitheantais do na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta in 2023. Tá sonraí den phlean caiteachais caipitil, rialú airgeadais, tuairisciú airgeadais, tionchar bhrúnna costais 2022 agus brúnna costais atáthar ag súil leo in 2023 sa chaibidil seo.

Tá breac-chuntas i g**Caibidil a Ceathair** de thosaíochtaí Acmhainní Daonna Tusla in 2023. Seoladh ár Straitéis de chuid Mhuintir Tusla in Iúil 2022 agus cuirfear i bhfeidhm iad trí chuspóirí Phlean Gnó 2023. Sonraíonn an chaibidil seo na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh a dhéanfaimid chun ár bhfórsa oibre a tharraingt isteach, a fhorbairt agus luach a thabhairt dóibh chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a chur ar fáil do na daoine atá ag brath orthu.

Tá an plean seo, mar aon le Plean Corparáideach 2021- 2023 ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.tusla.ie/publications



Pat Rabbitte
Cathaoirleach



Kate Duggan
POF Eatramhach

ÁR BHFÍS

Tá teaghlaigh & pobail cumhachtaithe agus neartaithe leanaí a choimeád sábháilte agus cothaithe, agus ceart an linbh a aithint chun líonra an teaghlaigh agus líonra an phobail a chosaint, a chobhsú agus tacú leo.



ÁR MISEAN

Tiomnaithe agus tiomanta obair i gcomhar le leanaí, teaghlaigh & pobail le cinntiú go dtugtar tacaíocht, cosaint agus nasc do leanaí a bhfuil géarghá leis nó i gcontúirt díobhála le daoine ar féidir a bhfolláine a chosaint agus a chur chun cinn.

Ár Luachanna agus ár nIompar



Muinín

Beimid cneasta, macánta agus freagrach agus ár seirbhísí á gcur ar fáil.

Beidh meas againn ar phríobháideachtas.

Lorgóimid d'aiseolas agus úsáidfimid é chun muid a chur ar an eolas faoin mbealach ar féidir linn feabhsú.

Déanfaimid beart de réir ár dtiomantais.



Meas

Caithfimid le daoine go measúil agus go cothrom.

Beimid ag comhoibriú agus ag obair i gcomhpháirt le daoine eile.

Beimid curtha ar an eolas agus faoi thionchar na dtuairimí agus thairbhí daoine eile.

Déanfaimid cumarsáid ar bhealach a chabhraíonn le daoine eile tuiscint a fháil agus éistfimid lena chinntiú go dtuigeann muid.



Cineáltas

Léiríimid cúram agus comhbhá dóibh siúd a dteastaíonn ár gcúnamh uathu.

Cabhróimid má bhíonn cúnamh ó dhaoine eile.

Beimid comhbhách maidir le cinntí a mhíniú fiú má bhíonn an cinneadh deacair.



Cumhachtú

Oibreóimid go crua chun iarracht speisialta a dhéanamh cabhrú le duine chomh maith agus atá ar a gcumas a bhaint amach.

Cinnteoimid go mbeimid ag foghlaim agus ag forbairt ár n-eolas agus ár scileanna.

Oibreóimid i dteannta a chéile lenár bpáirtithe leasmhara chun ár gcuspóirí i gcoitinne a bhaint amach.

Oibreóimid go crua le daoine eile réitigh a lorg a oibríonn do dhaoine eile.

CAIBIDIL 1

Tosaíochtaí agus Cuspóirí 2023

Agus ag ailíniú na dtrí réimse straitéiseacha ar ardleibhéal de **Chleachtadh, Cultúr agus Struchtúr** faoinar bunaíodh na spriocanna agus na cuspóirí dár bPlean Corparáideach 2021 - 2023 sonraíonn an chaibidil seo a leanas na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an ghníomhaireacht in 2023 chun ár gcuspóirí a bhaint amach:

Sprioc 1: Cinntigh go bhfaigheann leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail freagra seasmhach, ar ardchaighdeán agus comhtháite ónár seirbhísí ar fad.

Sprioc 2: Seirbhís rialála neamhspleách a chur ar fáil atá dírithe ar shábháilteacht agus folláine leanaí agus daoine óga trí fheabhsú agus comhpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara.

Sprioc 3: Cinntigh go bhfaigheann ár bhfoireann agus ár gceannairí tacaíocht agus cumhachtú foghlaim agus feabhsú go leanúnach sa chaoi agus go mbaineann leanaí, teaghlaigh agus pobail leas as ár seirbhís.

Sprioc 4: Cinntigh go n-áirithítear ár bhfoirne agus ár seirbhísí áitiúla agus go bhfaighidh siad tacaíocht ó na córais agus ó na hacmhainní Náisiúnta a chuireann comhtháthú agus cuntasacht chun cinn.

Tá na trí réimse straitéiseacha de Chleachtadh, Cultúr agus Struchtúr idirnasctha agus díríonn siad ar dhul i ngleic le dúshlán na ngníomhaireachtaí agus cinntíonn siad go mbeidh próiseas feabhsúcháin leanúnach i bhfeidhm. Chun dul chun cinn breise a dhéanamh ar na trí réimse straitéiseacha seo, chuir Tusla tús le cur chuige comhtháite Chlár Leasú Struchtúrach Chleachtaidh, Cultúir in 2022 lena bhfuil tionscnaimh tosaíochta aitheanta.



Faoi réimse **Cleachtadh**, táimid ag tabhairt tús áite dár gConairí Freagra Comhtháite, Seirbhís Teiripeach a fhorbairt agus Cúram Malartach a Leasú. Faoi **Chultúr**, táimid ag tabhairt tús áite dár gcuid luachanna agus iompraíochta eagraíochtúla a leabú tríd an gclár luachanna agus iompraíochta lena mbeidh ár n-úsáideoirí seirbhíse in ann taithí a fháil dár luachanna tríd ár ngníomhaíocht. Déanfaimid forbairt ar ár gceannairí agus ar ár bhfoghlaim trínár gcláir cheannaireachta forbartha agus líonraí cóitseála. Gabhaimid orainn féin tionscnaimh chun coinneáil fostaithe a mhéadú agus beimid gafa le freagracht feidhmíochta a thacóidh le fás agus forbairt ár bhfórsa saothair chun ár seirbhísí a chur ar fáil. Faoi **Struchtúr**, tá sé mar thosaíocht againn an dara cuid dár Leasú Struchtúrach a chur i bhfeidhm agus forbairt bhreise den struchtúr sin ar fud na Gníomhaireachta.

Tacaíonn ár bhfeidhmeanna cumasaithe ár bpríomhsheirbhísí a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus is í ár bpríomhthosaíocht in 2023 maidir leis na feidhmeanna sin ná forbairt bhreise ar ár gCóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS), Creat na dTorthaí, Taithí Seirbhíse, agus Anailísíocht Gnó a chabhróidh leis na céimeanna riachtanacha a aithint agus a chur ar an eolas chun foghlaim agus feabhsú go leanúnach.

Leanfaimid ag cur lenár mbonneagar TFC trí bhunathrú digiteach agus cur i bhfeidhm leanúnach dár Straitéis Bainistíochta Sonraí. Leanfaimid orainn ag tacú lenár seirbhísí tríd ár Straitéis Eastát agus an fhorbairt ar ár gCóras Bainistíochta Airgeadais Comhtháite (IFMS). Leanaimid orainn le tús áite a thabhairt dár dtiomantas lena chinntiú go mbainfimid amach ár ndualgais chun sonraí pearsanta a phróiseáil tríd ár gClár GDPR.



Faoi gach ceann dár gcuspóirí, tá gníomhaíochtaí 2023 sonraithe anseo thíos mar Ghníomhaíochtaí Tosaíochta (gníomhaíochtaí atá ceangailte le Clár Athraithe) nó gníomhaíochtaí Gnó mar is londúil (gníomhaíochtaí atá ábhartha dár gcuspóirí agus/nó Ráiteas Feidhmíochta). Tá ár spriocanna/ár mbearta gníomhaíochta sonraithe in Aguisín 2 den phlean seo:

Sprioc Straitéiseach 1

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.1.

Cur chuige náisiúnta leanúnach a leabú agus a fhorbairt i gcleachtadh ar fud gach conair freagartha.

Gníomhaíochtaí Tosaíochtaí			
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh	Clár Leasaithe Áit Athraithe
1.1(a)	Doras tosaí ildisciplíneach a chur i bhfeidhm le haghaidh atreoruithe go Tusla a scagthástáil agus a mheas.	Ceathrú a 3	Cleachtadh
1.1(b)	Conair seirbhíse riachtanach le riachtanas ard agus díobháil íseal a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú in 2022 sna 5 shuíomh píolótacha aitheanta.	Ceathrú a 3	

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
1.1(c)	Beidh 100% de chásanna a measadh mar ardtosaíocht leithdháilte de réir Treoir Tosaíochta faoi Chúram Tusla.	Ceathrú a 2
1.1(d)	Beidh iniúchadh ar chásanna neamh-leithdháilte (Cosaint Leanaí/Leanaí faoi Chúram) ar siúl i 3 de na 6 Réimse is airde easnamh chun na tacaíochtaí atá ar fáil/socruithe maoirseachta i bhfeidhm do leanaí ar feitheamh leithdháileadh d'Oibrí Sóisialta.	Ceathrú a 2 50% Ceathrú a 3 50%
1.1(e)	Bunófar grúpa oibre le dul i dteagmháil leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige tar éis scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán 'leithdháileadh' agus feabhsúcháin féideartha chun an caighdeán sin a bhaint amach i gcur chuige ildisciplíneach dírithe ar obair shóisialta.	Ceathrú a 1
1.1(f)	Déanfar 100% de Shocruithe Éigeandála Speisialta a fhaomhadh agus a rialú de réir Nós Imeachta Oibríochta Caighdeánach Tusla le haghaidh Socruithe Éigeandála Speisialta (SEA) le léiriú soiléir go bhfuil sé i gceist go mbeadh SEA don tréimhse is giorra féideartha, agus mar an rogha deireanach pléite chun freagairt do riachtanais chúraime sábháilte leanaí.	Ceathrú a 2
1.1(g)	Beidh na dúshláin tromchúiseacha a aithint ar líon beag daoine óga na Gníomhaireachta sa tóir ar laghdú seicheamhach i líon na ndaoine a thagann chuig SEA, fad SEA agus an t-aitheantas go mbeidh a uathúlacht mar thoradh ar theorainn atá leagtha amach i gCeathrú a 2 as an uasmhéid de SEA a mheasann an Gníomhaireacht atá inghlactha ag pointe ar bith le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí 2023 sna Pleananna Cúraim Chónaithe agus Cúraim Altrama.	Ceathrú a 2
1.1(h)	Gníomhaíochtaí Tusla 2023 de chuid Straitéis Ionchuimsithe Lucht Siúil agus Romach a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.2.

Leanúint le rathú caighdeáin agus córais feabhsúcháin seirbhíse a chur i bhfeidhm ar fud ár gconairí freagra.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
1.2(a)	Faoi rialú an Choiste Feabhsúcháin Seirbhíse agus Bainistíocht Riosca Oibríochta Náisiúnta (NORMSIC) tionscadal a thosú chun córas comhtháite pleanála agus feabhsúcháin seirbhíse do sholáthar seirbhíse Tusla a fhorbairt, a thástáil agus a oibriú go náisiúnta, go réigiúnda agus ar leibhéal réimse.	Ceathrú a 4
1.2(b)	Córas Bainistíochta Caighdeáin Tusla a fhorbairt agus a shainmhíniú.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.3.

Tacú le pleanáil buan do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi chúram agus tacú lenár gcúramóirí agus lenár soláthraithe cúraim tithe sábháilte agus cothaitheacha a chur ar fáil do leanaí a chuireann caidrimh ar feadh an tsaoil chun cinn.

Gníomhaíochtaí Tosaíochtaí			
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh	Clár Leasaithe Áit Athraithe
1.3(a)	Moltaí 2023 a chur i bhfeidhm i bPlean Straitéiseach Tusla do Sheirbhísí Cúraim Cónaitheacha lena n-áirítear: - Aonad cúraim idir eatarthu breise (Ceathrú a 2) - Athbhreithniú ar phíolóta beo leath-neamhspleách (Ceathrú a 3)	Ceathrú a 4	Cleachtadh
1.3(b)	Moltaí 2023 a chur i bhfeidhm i bPlean Straitéiseach Tusla do Sheirbhísí Cúraim Cónaitheacha lena n-áirítear: - Ceannaire ar Chúram Altrama Náisiúnta a earcú (Ceathrú a 2) 6 Chúramóir Altrama Piarthacaíochta Réigiúnacha a Earcú (Ceathrú a 2) - Próisis ghnó a athbhreithniú agus a chaighdeánú do Chúram Altrama (Ceathrú a 3)	Ceathrú a 4	
1.3(c)	Moltaí 2023 a chur i bhfeidhm i bPlean Straitéiseach Tusla do Sheirbhísí larchúraim.	Ceathrú a 4	

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
1.3(d)	Cur i bhfeidhm éifeachtach d'Eolas Breithe agus de Reachtaíocht Rianaithe le gach cás próiseáilte de réir tréimhsí ama reachtúla agus treoir beartais comhaontaithe.	Ceathrú a 4
1.3(e)	An tionscadal um Rianú Speisialtóra a chur i gcrích de bharr tuarascáil um Chosaint Leanaí Rapóirtéara.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.4.

Ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun leanaí, daoine óga agus daoine fásta a fuair drochíde a fhiosrú, a mheas agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
1.4(a)	I gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS), An Garda Síochána (AGS) agus Sláinte Leanaí na hÉireann (CHI), dul chun cinn ar fhorbairt Barnahus Deisceart i gCorcaigh (faoi rialachas Tusla) agus Barnahus Oirthear (faoi rialachas CHI) ar aon dul le táirgí insoláthartha 2023 aontaithe sa phlean tionscadail.	Ceathrú a 4
1.4(b)	Seirbhísí teiripeacha Tusla a chur i bhfeidhm do leanaí faoi chúram a bhfuil díobháil nó mí-úsáid déanta orthu ar aon dul le plan tionscadail 2023.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.5.

Leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil féideartha tríd eolas riachtanach agus comhréireach a roinnt le daoine óga.

Gníomhaíochtaí faoin gcuspóir seo a baineadh amach go rathúil in 2022 le Nós Imeachta Cruthú Mí-úsáid Leanaí (CASP) agus déanfar sin a athbhreithniú mar chuid de ghnáthghnó.

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.6.

Leanúint ag tiomáint feabhsúcháin i sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne, ár n-úsáideoirí seirbhíse, agus ár gcomhlíontacht le riachtanais reachtúla agus rialála.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
1.6(a)	Seoladh náisiúnta den straitéis Foréigin, Díobhála agus Ionsaithe (VHA) de chuid Tusla san ionad oibre. Cuirfidh cur i bhfeidhm prótacal tuairiscithe sláinte agus sábháilteachta athbhreithnithe, rolladh amach náisiúnta de mhodúl r-foghlama VHA, agus imlonnú aláraim phearsanta ar gach oibrí ar an líne thosaigh ar fáil más gá.	Ceathrú a 1

Sprioc Straitéiseach 1: Cuspóir 1.7.

Leanúint ag cinntiú go bhfuil daoine, próisis, agus córais éifeachtacha againn chun tacú lenár n-oibleagáidí reachtúla agus rialála agus iad a bhaint amach nuair a phróiseálaimid sonraí pearsanta.

Gníomhaíochtaí Tosaíochtaí			
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh	Clár Leasaithe Áit Athraithe
1.7(a)	Cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí a chur i gcrích mar fhreagra ar thorthaí an Choimisinéara Cosanta Sonraí sna fiosruithe ábhartha mar atá foilsithe.	Ceathrú a 3	Cleachtadh/Cumasú
1.7(b)	Tús a chur leis na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar na torthaí den athbhreithniú ar ghadaíocht sonraí atá ar eolas mar thoradh ar Chibirionsaí FSS.	Ceathrú a 4	

Spríoc Straitéiseach 2

Spríoc Straitéiseach 2: Cuspóir 2.1

Sábháilteacht, forbairt agus sláinte leanaí a chur chun cinn trí chomhpháirtíocht agus cumarsáidí a neartú leis na páirtithe leasmhara.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
2.1(a)	Críoch a chur le Straitéis Ráitis Sábhála Leanaí 5-Bliana a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 4
2.1(b)	Beidh teastais nua clárúcháin eistithe ag gach seirbhís réamhscoile agus scoile dóibh.	Ceathrú a 1
2.1(c)	Cabhrú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige tacú le cúramóirí leanaí i dtreo clárúcháin uilíocha.	Ceathrú a 4

Spríoc Straitéiseach 2: Cuspóir 2.2.

Cinntigh go bhfuil córais éifeachtacha againn, agus gur féidir linn seirbhísí rialaithe a shainaithint nach bhfuil ag baint amach an caighdeán riachtanach.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
2.2(a)	Creidiúnú Seachtrach a fháil do Chigireacht sna Luathbhlianta.	Ceathrú a 4
2.2(b)	Leanúint ag déanamh monatóireachta ar tháscairí sonraí ardriosca le haghaidh seirbhísí rialaithe.	Ceathrú a 4
2.2(c)	Foilseoidh Tusla tuarascáil ar ghníomhaíocht Phainéal Forfheidhmithe Clárúithe Náisiúnta (NREP) gach bliain.	Ceathrú a 2
2.2(d)	Beidh iarchúram sna seirbhísí scoile maidir le haon eolas nár iarradh a fuarthas nó rioscaí a aithníodh.	Ceathrú a 3
2.2(e)	Athbhreithniú a dhéanamh le Pobal agus leis an Roinn Oideachais maidir le riachtanais um roinnt sonraí chun dúshláin a aithint agus moltaí a dhéanamh.	Ceathrú a 3
2.2(f)	Aonad Grinnfhiosrúcháin do Sholáthróirí Clárúithe sna Luathbhlianta a bhunú agus a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 2

Spríoc Straitéiseach 2: Cuspóir 2.3.

Eolas, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí rialaithe chun iad a chur ar a gcumas a gcuid riachtanas a bhaint amach.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
2.3(a)	An % de sheirbhísí luathbhlianta a fhoilsiú a bhaineann amach comhlíonadh tar éis an bpróiseas iniúchta.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 3

Sprioc Straitéiseach 3: Cuspóir 3.1.

Leabú ar ár luachanna agus iompraíochtaí a mheas, a ghníomhú agus a athbhreithniú agus a chinntiú go gcuirimid Dualgas na hEarnála Poiblí i bhfeidhm maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
3.1(a)	Forbairt ar Chreat na hEarnála Poiblí de chuid Tusla a théann i ngleic le héagsúlacht a chuireann le réimsí fócais roimhe sin de Chomhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú, Straitéis Náisiúnta don Óige LGBTI+, Straitéis Náisiúnta don Lucht Siúil agus Romach agus Straitéis Leanaí & Daoine Óga, le bém ar leith ar Fhrithchinióchais.	Ceathrú a 3

Sprioc Straitéiseach 3: Cuspóir 3.2.

Plean straitéiseach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Ghníomhaireacht a thiomáineann taighde níos mó chun torthaí a mheas, agus déanfaimid tionscadail taighde tosaíochta a choimisiúnú.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
3.2(a)	Straitéis agus Creat Taighde Tusla a chur i bhfeidhm chun tionscadail taighde agus eolais faofa a fhorbairt agus a chur ar fáil.	Ceathrú a 3
3.2(b)	Comhoibriú le freagra na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige chun dul i ngleic le Gníomh 65 de Thuarascáil Ryan: An Tionscadal Taighde agus Sonraí ar leanaí faoi chúram agus daoine fásta a bhí faoi chúram mar leanaí.	Ceathrú a 4



Sprioc Straitéiseach 3: Cuspóir 3.3.

Fórsa oibre inbhuanaithe a fhorbairt sa chás go mbeidh ár bhfostaithe earcaithe, coinnithe agus tacaíocht tugtha dóibh chun na scileanna eolais agus na hinniúlachtaí atá riachtanach a chur ar fáil chun seirbhísí comhtháite agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Gníomhaíochtaí Tosaíochtaí			
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh	Clár Leasaithe Áit Athraithe
3.3(a)	Clár insealbhaithe cuimsitheach a chur i bhfeidhm do gach ball foirne laistigh de mhí amháin tar éis dul isteach leis an nGníomhaireacht.	Ceathrú a 2	Cultúr
3.3(b)	Freagracht feidhmíochta a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil comhrá amháin ar a laghad faoi fhreagracht feidhmíochta ag gach ball foirne.	Ceathrú a 4	
3.3(c)	Tionscnamh earcaíochta thar lear amháin a chur i gcrích.	Ceathrú a 3	
3.3(d)	Am ionductaithe a laghdú do thosaitheoirí nua go 8 seachtaine.	Ceathrú a 4	
3.3(e)	Searmanas bronnta feabhais agus nuálaíochta bliantúil a chur i bhfeidhm chun sárobair ár bhfoirne a cheiliúradh.	Ceathrú a 4	
3.3(f)	Seirbhís Idirghabhála Tusla a bhunú le 5% de ghearáin Acmhainní Daonna réitithe tríd idirghabháil.	Ceathrú a 2	
3.3(g)	Suirbhé faoi rannpháirtíocht foirne bliantúil 2023 a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 4	

Sprioc Straitéiseach 3: Cuspóir 3.4.

Foghlaim roinnte a spreagadh, a chur chun cinn agus tacú leis ar fud na Gníomhaireachta agus forbairt ghairmiúil leanúnach dár bhfoireann ar fad.

Gnó mar is Ionduil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
3.4(a)	Oiliúint a thabhairt do 5% den fhoireann i scileanna oiliúnaithe agus líonra a bheith ar fáil i 6 Réimse Réigiúnacha.	Ceathrú a 3
3.4(b)	12 chlár ceannaireachta agus forbartha bainistíochta a chur ar fáil - 2 i ngach Réigiún.	Ceathrú a 4
3.4(c)	An Creat Feabhsúcháin agus Forbairt Chleachtais a chur i bhfeidhm: 1. Córas Comhordaithe do Shocrúchán Mic Léinn 2. Forbairt ar Oideachasóir Cleachtadh 3. Tacaíochtaí sna Luathbhlianta 4. Creat Iarcháilíochta	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 3: Cuspóir 3.5.

Cur le córas feidhmíochta Tusla áitiúil, réigiúnda, agus náisiúnta ag úsáid bearta fiúntacha a chuireann torthaí feabhsaithe chun cinn do dhaoine a dhéanaimid freastail orthu.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
3.5(a)	Samhail oibriúcháin a fhorbairt chun tacú le hacmhainn anailíseach gnó laistigh de Tusla.	Ceathrú a 2
3.5(b)	Comhairle a fháil ar Chreat Torthaí Tusla agus é a chur i gcrích mar ullmhúchán ar é a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 3
3.5(c)	An creat agus an oiliúint a leathnú atá ar fáil don fhoireann le haghaidh bainistíocht eachtra agus láimhseáil gearáin.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 4

Sprioc Straitéiseach 4: Cuspóir 4.1.

Foireann Bainistíochta Feidhmeannachta Náisiúnta a bhunú agus Sé Réimse Seirbhíse Réigiúnach agus seirbhísí náisiúnta a chomhtháthú sna struchtúir rialachais réigiúnacha athbhreithnithe.

Gníomhaíochtaí Tosaíochtaí			
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh	Clár Leasaithe Áit Athraithe
4.1(a)	Seirbhísí náisiúnta a chomhtháthú sna seirbhísí rialachais réigiúnacha athbhreithnithe chun struchtúr Cuid 2 a chur i gcrích.	Ceathrú a 4	Struchtúr

Sprioc Straitéiseach 4: Cuspóir 4.2.

Fóraim idirghníomhaíochta a neartú ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta (lena n-áirítear FSS & an Garda Síochána).

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
4.2(a)	Comhstraitéis Tusla/AGS a chur i bhfeidhm le haghaidh sainagallaimh.	Ceathrú a 2
4.2(b)	Comhphrótaic Tusla/AGS 2017 athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 3
4.2(c)	Prótacal Tusla/AGS maidir le roinnt sonraí a chur i bhfeidhm.	Ceathrú a 4
4.2(d)	Iníúchadh ar chomhphrótaic FSS/Tusla a chur i bhfeidhm maidir le leanaí/daoine óga faoi chúram a bhfuil míchumais orthu.	Ceathrú a 3
4.2(e)	Páirt a ghlacadh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige i nGrúpa Comhairliúcháin agus Tionscadal Athbhreithnithe CYPSC agus tacú le staidéar agus tuarascáil Athbhreithnithe CYPSC a chur ar fáil.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 4: Cuspóir 4.3.

Straitéisí Bainistíochta TFC agus Sonraí a chur i bhfeidhm.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlíte ar Deireadh
4.3(a)	NCCIS/TCM: Clár NCCIS ² a chur ar fáil chun córas NCCIS reatha a aistriú go Córas Bainistíochta Cáis Tusla Nua do Chosaint Leanaí & Cúram Malartach (TCM CPAC). Áirítear anseo forbairt ar an gcóras nua a chur i gcrích, oiliúint ar 2,500 ball foirne agus comhaid cáis a aistriú de aistriú.	Ceathrú a 1
4.3(b)	Bunathrú Digiteach: Córas Bainistíochta Cáis Tusla (TCM) nua a chur i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí Chúram Cónaithe agus Luathbhlianta mar aon le túscur i bhfeidhm reatha a chur chun cinn do sheirbhísí Altramaithe. Cur le Tairseach ar líne Tusla chun leanúint le rogha digiteach a chur ar fáil do gach aighneacht/atreorú don Ghníomhaireacht. Comhtháthú digiteach a chur chun cinn do mhalartú daingean eolais le Gníomhaireachtaí comhpháirtíochta.	Ceathrú a 4
4.3(c)	Oibríochtaí agus Seirbhísí TFC: Leanúint ag cur le Bonneagar TFC, seirbhísí Scamaill agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil don fhoireann agus d'úsáideoirí inár gcórais. Bunú foirne tacaíochta TFC áitiúla a chur i gcrích i Réimsí. Seirbhísí TFC a chur ar fáil a thomhais le sprioc de 95% de gach iarratas seirbhíse TFC ón bhfoireann laistigh d'amanna freagartha Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse ar leith.	Ceathrú a 3
4.3(d)	Cibearshlándáil: Clár bonneagair Cibearshlándála a chur ar fáil mar chuid d'infheistíochtaí na Gníomhaireachta le €13 milliún ar fad i gcórais slándála. Oiliúint ar chibearshlándáil agus feachtas don fhoireann a leathnú. Aonad cibearshlándála nua TFC Tusla a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích agus tús a chur le próiseas creidiúnaithe Eolais ISO 27001.	Ceathrú a 4
4.3(e)	Bainistíocht Sonraí: Straitéis Bainistíochta Sonraí 3 bliana nua a fhorbairt don Ghníomhaireacht. Struchtúir Bainistíochta Sonraí a bhunú i ngach Réigiún chun feabhas a chur ar bhainistíocht sonraí agus taifead ar an iomlán ar fud na seirbhísí ar fad. Leanúint ag leathnú agus ag feabhsú seirbhísí bainistíochta sonraí agus anailísithe sonraí a chuireann TFC Tusla ar fáil.	Ceathrú a 3



Sprioc Straitéiseach 4: Cuspóir 4.4.

Bainistíocht éifeachtach a chinntiú d'acmhainní airgeadais na Gníomhaireachta.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
4.4(a)	Rialuithe Rialachais agus Comhlíonadh a choinneáil laistigh de Gníomhaireachtaí Maoinithe agus Tusla.	Ceathrú a 3
4.4(b)	Deontais digiteacha agus próisis íocaíochta airgid a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcórais foinse tacaíochta, e.g., tairseach deontais agus TCM.	Ceathrú a 4
4.4(c)	Tuarascáil mhíosúil a dhéanamh chuig an mBord, Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais ar thoradh agus dífeair i gcoinne buiséid.	Ceathrú a 4
4.4(d)	Ráitis Airgeadais Bhliantúla Tusla a dhéanamh agus tacú le hiniúchadh an Andreachtair & an Ard-Iniúcháir den rud céanna.	Ceathrú a 2
4.4(e)	I bpáirtíocht le FSS clár Córais Bainistíochta Airgeadais Comhtháite a úsáid.	Ceathrú a 4
4.4(f)	Bancáil ginearálta agus seirbhísí cárta a sholáthar a aistriú go soláthraí nua tar éis do Bhanc Uladh imeacht ó mhargadh na hÉireann.	Ceathrú a 3
4.4(g)	An Plean Corparáideach Soláthair (CPP) 2022-2024 a chur i bhfeidhm le comhlíonadh éifeachtach a chinntiú le rialacháin agus cuspóirí luach ar airgead a bhaint amach.	Ceathrú a 4
4.4(h)	Déanfaidh Tusla athbhreithniú ar na seirbhísí leanúnacha atá curtha ar fáil trí shamhail seirbhíse roinnte le FSS. Díreoidh an t-athbhreithniú ar na príomhsheirbhísí ar a mbraitheann Tusla ó FSS lena n-áirítear córais airgeadais, eastáit, párolla, córais Acmhainní Daonna, próiseáil pinsean, TFC agus soláthar seirbhísí.	Ceathrú a 4

Sprioc Straitéiseach 4: Cuspóir 4.5.

Lóistín oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil chun seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeán a chur ar fáil.

Gnó mar is londúil		
Uimh. thag.#	Gníomhaíocht	Dlite ar Deireadh
4.5(a)	Plean Caipitil 2023 a chur ar fáil le clár caipitil bliantúil.	Ceathrú a 4

CAIBIDIL 2

Tiomantais Rialtais Eile

Sonraíonn an chaibidil seo na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), Seirbhís Chlárúcháin agus Measúnuithe um Oideachas Malartach (AEARS) agus Seirbhís um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) in 2023. Tar éis chinneadh an Rialtais in 2020, bhog feidhmeanna Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus Seirbhís Chlárúcháin agus Measúnuithe um Oideachas Malartach (AEARS) na Gníomhaireachta faoin mbeartas agus treoir reachtúil den Roinn Oideachais.

Bunóidh an Roinn Dlí agus Cirt gníomhaireacht Rialtais nua do Sheirbhís um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) le linn 2023 agus táthar ag súil go mbeidh sé i bhfeidhm in Eanáir 2024. Beidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige ag dul i bhfeidhm ar aistriú foirmeálta den fheidhm ag an Roinn Dlí agus Cirt le linn 2023. Cé go bhfanann an treoir don tseirbhís seo leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige do 2023, tá an treoir seo aontaithe trí rannpháirtíocht leis an Aire Dlí agus Cirt.

Chun ár dtiomantas a léiriú maidir leis na seirbhísí atá aistrithe nó sa phróiseas aistrithe go Ranna Rialtais eile, tá na gníomhaíochtaí do na trí sheirbhís seo sonraithe ar leith sa chaibidil seo.



2.1 Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)

Bíonn TESS ag obair i gcomhar le scoileanna, teaghlaigh, agus seirbhísí ábhartha eile chun na torthaí oideachasúla is fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Léiríonn an tábla seo a leanas na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh TESS in 2023:

Uimh. thag.#	Gníomhú ar Phlean Gnó	Dlíte ar Deireadh
TESS (a)	Braislí chlár críochnaithe scolaíochta reatha a leabú i ngach scoil Deis nua le bunú sholáthar SCP agus socruithe rialachais nua i bhfeidhm.	Ceathrú a 2
TESS (b)	Tionscnaimh phríomhshrutha a bhí ar bhonn píolótach roimhe sin chun dul i ngleic le riachtanas nár sáraíodh sa tSeirbhís Leasa Oideachais lena chinntiú go bhfuil Oifigeach Leasa Oideachais i bhfeidhm i ngach réigiún (Ceathrú a 1) agus clinicí tinrimh a bhunú i scoileanna oiriúnacha (Ceathrú a 2).	Ceathrú a 2
TESS (c)	Comhphrótacail oibre a chur i gcrích leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).	Ceathrú a 2
TESS (d)	Moltaí Tusla a chur i bhfeidhm ón Tuarascáil Lasmuigh den Scoil.	Ceathrú a 4
TESS (e)	Úsáid sonraí a athbhreithniú chun tacú le héifeachtúlacht straitéisí agus cláir, agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu atá dírithe ar neamhláithreacht a chosc sna scoileanna agus chun coinneáil agus dul i gcomhairle le scoileanna a chur chun cinn.	Ceathrú a 4
TESS (f)	Cabhrú agus comhoibriú leis an athbhreithniú pleanáilte den Chlár Críochnaithe Scolaíochta, lena n-áirítear na sonraí atá ar fáil a bhailiú más gá.	Ceathrú a 4

2.2 Seirbhís Chlárúcháin agus Measúnuithe um Oideachas Malartach (AEARS)

Tá freagracht ar AEARS soláthar oideachais a rialú in áiteanna seachas scoileanna aitheanta, de réir alt 14(1) den Acht Oideachais (Leas) 2000. Tá AEARS mar chuid d'fheidhm Caighdeáin & Rialála Tusla. Léiríonn an tábla seo a leanas na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh AEARS in 2023:

Uimh. thag.#	Gníomhú ar Phlean Gnó	Dáta Dlíte
AEARS (a)	Trédhearcacht a chur chun cinn leis na torthaí ar an bpróiseas measúnachta de scoileanna neamhaitheanta.	Ceathrú a 3
AEARS (b)	Athbhreithniú ar gach doiciméad seachtrach AEARS lena chinntiú go bhfuil an t-eolas soiléir, achomair, agus éasca a rochtain.	Ceathrú a 4
AEARS (c)	Monatóireacht a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí seirbhíse agus tuarascáil a dhéanamh orthu.	Ceathrú a 4
AEARS (d)	Oifig Aiseolais agus Clabhsúir a bhunú do AEARS.	Ceathrú a 4
AEARS (e)	Tacaíochtaí a fheabhsú do thuismitheoirí/do chaomhnóirí atá ag iarraidh oideachas sa bhaile a mheas.	Ceathrú a 2
AEARS (f)	Córas rianaithe a bhunú ar chásanna a atreorú idir AEARS agus TESS.	Ceathrú a 2

2.3 Seirbhís um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV)

Cuireann an tSeirbhís um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV) comhordú náisiúnta, maoiniú agus tacaíocht ar fáil do bheagnach seasca speisialtóir a thugann tacaíocht do mhná, d'fhir agus do leanaí ar íobartaigh agus ar marthanóirí iad ar fhoréigean baile, gnéasach nó inscnebhunaithe. Léiríonn an tábla seo a leanas na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an tseirbhís seo in 2023:

Uimh. thag.#	Gníomhú ar Phlean Gnó	Dáta Dlíte
DSGBV (a)	Meamram Tuisceana a chur i bhfeidhm (MOU) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige, chun Seirbhísí DSGBV a aistriú go struchtúr stáit aonair.	Ceathrú a 4
DSGBV (b)	Tacú le lóistín sábháilte a chur chun cinn d'íobartaigh fhoréigean baile de réir na moltaí den Ghrúpa Idir-ranna agus an tríú Straitéis Náisiúnta d'Fhoréigean sa Bhaile trí mhaoiniú feabhsaithe do thionscnaimh 2023.	Ceathrú a 4
DSGBV (c)	Leithdháileadh de mhéadú 6% do gach soláthraí Tusla maoinithe DSGBV agus cur le tacaíochtaí nua ó na cistí forbartha leithdháilte atá aontaithe leis an Roinn Dlí agus Cirt.	Ceathrú a 1



CAIBIDIL 3

An Creat Airgeadais

Forléargas

Leagann an roinn seo amach an creat airgeadais lena mbeidh an Gníomhaireacht ag feidhmiú in 2023. Leagann sé amach na tionscnaimh tosaíochta in 2023 freisin, an plean caiteachais caipitil agus na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta le haghaidh 2023.

Is é ollchinntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2023 ná €1,034.240 milliún (lena n-áirítear €31.370 milliún i gcomhair na hÚcráine agus €49.766 milliún ón Roinn Oideachais). Beidh an méid sin maoinithe, ag €19.814 milliún measta mar shealbhú i gcúnamh ioncaim ó aoisliúntas agus ó asbhaintí a bhaineann le haoisliúntais agus le pinsean. Mar sin, is é glanchinntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2023 ná €1,014.426 milliún.

Coimeádfaidh an Gníomhaireacht maoirseacht mhaith ar an leithdháileadh a bhainistiú lena chinntiú go bhfuil an riosca féideartha is lú ag an róchaiteachas in 2023. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne chun comhaontú a dhéanamh ar bhearta le haghaidh gníomhú i gceart, maidir le comhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla agus moltaí seachadta seirbhíse.

Plean Buiséid agus Maoiniú Seirbhíse Tionscadail 2023

Fuair an Gníomhaireacht €50.283 milliún breise le haghaidh 2023 faoin bpríomh-fhocheannteideal A3 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige agus tá forbairt déanta ar an bPlean Gnó ar an mbonn go gcuirfear seirbhísí ar fáil laistigh de chlúdach litreach airgid in 2023. Leagann an Gníomhaireacht béim áfach ar an líon méadaithe de leanaí atá faoi chúram a bhfuil seirbhísí ardchostas ag teastáil, atáthar ag súil le dúshláin mhóra a chruthú chun Plean Gnó a chur ar fáil laistigh den leithdháileadh le haghaidh 2023. Leanfaidh Tusla ag cur srianta déine i bhfeidhm chun a leithdháileadh a bhainistiú go héifeachtach. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Buiséid maoiniú a chur ar fáil sna príomhréimsí seo a leanas in 2023:

- Leithdháilfear €20.0m chun dul i ngleic le heasnamh sa Leibhéal Seirbhíse reatha Neamhíocaíochta. Is é seo an costas iomlán bliantúil de thionscnaimh a tosaíodh in 2022 nó róchaiteachais reatha nár baineadh amach ag maoiniú breise in 2022. Tá sé seo go príomha sa réimse Soláthar Cónaithe Príobháideach.
- Tá €27.2milliún curtha ar fáil chun dul i ngleic le costas breise Chomhaontuithe Pá san Earnáil Phoiblí.

- Tá €3.0m leithdháilte maidir le hÍocaíochtaí Cnapshuimeanna agus Pinsin.
- Tá €6.88m maoiniú breise curtha ar fáil faoi fho-cheannteideal nua A7 maidir le seirbhísí um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV).
- Fuarthas €0.913m faoin bhfo-cheannteideal B5 Na Luathbhlianta.
- Fuarthas breis maoiniú de €10.827m ón Roinn Oideachais re TESS, SCP agus AEARS.
- Tá foinsí eile maoinithe faoi fho-cheannteidil éagsúla ar leith, cosúil le C5, CYPSC, FRC, ESF agus Tacaíocht Teaghlaigh agus maoiniú B8 Chuntas Díomhaoin, leithdháilte le €0.602m le haghaidh 2023.
- Tá maoiniú breise maidir le hÉigeandáil na hÚcráine le caiteachas de €31.370m atá leithdháilte le haghaidh 2023. Beidh an caiteachas iarbhír sa réimse in 2023 ar bhonn éilimh agus beidh sé ag brath ar nádúr leanúnach coinbhleachta agus líon na dteifeach a thagann isteach go hÉirinn a mbíonn seirbhísí Tusla ag teastáil uathu.

Tá achoimre de Leithdháileadh Iomlán 2023 leagtha amach i dTábla 1:

Tábla 1: Leithdháileadh Táscach de Mhaoiniú 2023

	Príomh- fhocheannteideal DCEDIY A3 €m	A07 (DSGBV) €m	B05 (Na Luathbhlianta) €m	Fo- cheannteidil Eile (C5, B8) €m	Vóta 26 An Roinn Oideachais €m	An Úcráin €m	Leithdháileadh Iomlán Tusla 2023 €m
Pá	353.904	2.147	6.244	0.000	13.236	4.520	380.051
Pinsin	16.000	-	-	-	-	-	16.000
Pá Iomlán	369.904	2.147	6.244	0.000	13.236	4.520	396.051
Cúraim Altrama agus Liúntais Eile	122.294	0.000	0.000	0.000	0.000	5.250	127.544
Cúram Priobháideach Cónaitheach agus Cúram Altrama	181.418	0.000	0.000	0.000	0.000	7.200	188.618
Dlí	30.494	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	30.494
Deontais	125.011	35.115	0.000	8.076	33.974	14.100	216.276
Neamhphá Eile	70.461	1.272	0.668	0.000	2.556	0.300	75.257
Neamhphá Iomlán	529.678	36.387	0.668	8.076	36.530	26.850	638.189
Reatha Iomlán	899.582	38.534	6.912	8.076	49.766	31.370	1,034.240
Caipitil	17.500	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	17.500
Caipitil agus Reatha Iomlán	917.082	38.534	6.912	8.076	49.766	31.370	1,051.740
Leithdháileadh 2022	866.799	31.654	5.882	7.474	38.939	5.000	955.748
Méadú in 2023	50.283	6.880	1.030	0.602	10.827	26.370	95.992

Tá sonraí in Aguisín 1 faoin gCreat Airgeadais le haghaidh 2023.

Próifiliú agus Tuairisciú Airgeadais

Leanfaidh Tusla ag tuairisciú ar chaiteachas i gcoinne buiséid agus sreabhadh airgid le linn 2023. Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséid 2023 faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige, agus é briste síos in aghaidh na míosa, de réir leibhéal faofa caiteachais, ina mbeadh ollioncaim, Leithreasáí i gCabhair agus ioncaim eile.

In 2023, leanfar le haird ar leith a dhíriú ar phróifíl íocaíochta agus neamhphá, lena n-áirítear riachtanais foirne sealadach (costais ghníomhaireachta) a aithint laistigh de na próifíl. Beidh oibreacha sonraithe déanta chun caiteachas/tarraingtí anuas a mheas go cruinn a tharlaíonn faoin dá chatagóir, maidir le coimeád ama agus tiomantais.

In 2023, leanfaidh Tusla ag cur tuarascálacha míosúla ar fáil don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige a leagann amach caiteachas go dáta. Tarraingoidh na tuarascálacha seo aird ar neamhréireanna ó phróifíl thús na bliana agus brúnna costais atá ag teacht chun cinn a aithint. Cuirfear insint a leagann amach an comhthéacs agus míniú d'aon éagsúlacht ó phróifíl airgid ar fáil freisin.

Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséid míosúil faoi bhráid le haghaidh 2023 chuig an Roinn Oideachais maidir le maoiniú de €49.766 milliún le haghaidh TESS agus SCP agus AEARS agus cuirfear tuarascáil mhíosúil ar fáil ar chaiteachas go dáta.

Caiteachas Caipitil

Is é leithdháileadh 2023 le haghaidh caiteachas caipitil ná €17.5 milliún. Tá sonraí maidir le caiteachas Caipitil pleanáilte san áireamh in **Aguisín 1**.



CAIBIDIL 4

Próifíl Fórsa Oibre agus Acmhainní Daonna

Forléargas


Leagann an chaibidil seo amach na tosaíochtaí do Mhuintir agus Athrú Tusla chun a gníomhaíochtaí a bhaint amach in 2023. Cuimsíonn sé freisin tosaíochtaí HR a iarrtar sa **Ráiteas Feidhmíochta**, mar aon le tosaíochtaí ardleibhéal don Ghníomhaireacht.

Straitéis Mhuintir Tusla

Seoladh ár Straitéis de chuid Mhuintir Tusla in Iúil 2022 agus cuirfear i bhfeidhm iad trí chuspóirí Phlean Gnó 2023. Is é ár dtiomantas soiléir ná ár bhfórsa oibre a tharraingt isteach, a fhorbairt agus luach a thabhairt dóibh chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a chur ar fáil do na daoine atá ag brath orthu. Tá a fhios againn ó fhianaise má thugtar luach agus tacaíocht ina bhforbairt, agus má chaitear go maith leo go gcuirtear feabhas ar sheirbhísí agus ar an bhfeidhmíocht ar fad.

Déanfaidh an fhoireann Muintir agus Athrú go leor de na gníomhaíochtaí a threorú, a áisiú agus tacaíocht a thabhairt dóibh sa Straitéis agus déanfar sin tríd oibriú i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na Gníomhaireachta. Tá Straitéis Muintir Tusla mar bhonn faoi leasú Tusla níos mó agus tá sé dírithe ar sheirbhísí daoine don Ghníomhaireacht ar fad: tá bainistíocht daoine feabhsaithe mar fhreagracht ar gach ceannaire, bainisteoir, agus foireann.

Agus ag obair i gcomhar le Straitéis Muintir a chur i bhfeidhm le príomhfhócas ar struchtúr, cleachtadh, agus cultúr leanaimid orainn ag leasú ár seirbhísí agus ag cumhachtú na foirne le bród agus muinín a bheith againn inár gcumas barrfeabhais a bhaint amach do leanaí agus do theaghlaigh inár bpobail. Is iad na 8 príomhréimse fócais ná:



1 Áit Dheas le hoibriú ann a Thógáil

Faoin réimse fócais seo déanfaimid Clár Fáilte a fhorbairt dár bhfoireann nua, iasachtaí, agus comhghleacaithe taithí oibre, cumarsáid inmheánach foirne éifeachtach a bhunú trí dhul i mbun comhrá lenár gCeannairí agus lenár mBainisteoirí, éisteacht leo, aiseolas a fháil uathu agus forbairt a dhéanamh orthu. Trí na tionscnaimh seo tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil bród ar ár muintir obair do Tusla, go bhfanfaidh siad linn agus go dtugtar tacaíocht dóibh chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal lena n-oibriú.

2 Pleanáil don Todhchaí

Faoin réimse fócais seo déanfaimid forbairt ar ár bplean fórsa oibre ina mbeimid ag obair le bainisteoirí sinsearach chun riachtanais um sholáthar foirne, scileanna agus cumas reatha agus amach anseo i gcomhthéacs feabhsúcháin seachadta seirbhíse pleanáilte a athbhreithniú agus a chomhaontú tríd ár gclár leasaithe. Déanfaimid forbairt ar Líonra Pleanála Fórsa Oibre ina n-oibreoimid le comhlachtaí Ardoideachais chun cur chuige níos fadtéarmaí a ghlacadh i dtaobh soláthar fórsa oibre/pleanáil fórsa oibre in Éirinn. Má théann siad i ngleic leis an obair seo cinnteoidh ár bpleananna fórsa oibre chun tosaí agus ceangailte lenár bpleananna seachadta seirbhíse agus a chinntíonn sé go bhfuil fórsa oibre le meascán scileanna iomchuí chun seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun ár riachtanais seirbhíse a bhaint amach.

3 Ár Muintir a Earcú

In 2023, cinnteoidh lenár bpróisis earcaíochta éifeachtacha a fhorbairt, Cláir Chéimithe a fhorbairt sa Ghníomhaireacht, agus samhail earcaíochta deabhlóidithe a chruthú. Leis sin, cinnteoidh go bhfuil ár Seirbhís Earcaíochta ar ardscileanna, freagrach, agus táilliúrtha chun riachtanais Bhainisteoirí Seirbhíse Tusla agus ár bpáirtithe leasmhara de chuid Tusla a bhaint amach.

4 Ár nDaoine a Choimeád

In 2023, oibreoimid le Bainisteoirí Sinsearach chun Pleananna Coinneála Áitiúla a fhorbairt, agus aiseolas foirne in úsáid, bearta a fhorbairt ar féidir a ghlacadh chun láimhdeachas a laghdú. Leanfar leis an mbéim tiomnaithe dár bhFoireann Tionscadail Coinneála in 2023. Ar na tionscnaimh tá ár mBeartas Ionductaithe nua a nascadh agus próiseas chun dul i ngleic le ráta athraithe foirne, Clár Páirtíochta a chruthú chun tacú le coinneáil bliain 1 ar fud na Gníomhaireachta agus foghlaim a bhaint amach trí athbhreithniú deireadh bliana le tosaitheoirí agus bainisteoirí nua. Má dhéantar taithí na dtosaitheoirí nua a athbhreithniú, cabhróidh sé linn foghlaim conas ár dtionscnaimh amach anseo a aithint.

5 Ár Scileanna agus ár gCumais a Fhorbairt

In 2023, cuirfimid tús le Clár Tacaíochta Bainistíochta Feidhmíochta a chur i bhfeidhm lena ndéanfaimid athbhreithniú ar Shamhail Bainistíochta Feidhmíochta lena chinntiú go mbaineann sé amach ár gcuspóirí chun cultúr oibre agus ceannaireachta ar bhonn atrua agus diongbháilte a chruthú. Cuirfimid oiliúint i mbainistíocht feidhmíochta ar fáil le cinntiú go bhfuil cur chuige leanúnach ar fud na Gníomhaireachta. Ag deireadh 2023, cuirfimid cuntasacht feidhmíochta i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht agus cinnteoidh go mbeidh comhrá amháin ar a laghad faoi fhreagracht feidhmíochta ag gach ball foirne in 2023.

In 2023, bunóimid Foghlaim agus Forbairt na Gníomhaireachta seachtrach freisin agus cinnteoidh go n-aithneofar na riachtanais foghlama tríd athbhreithniú feidhmíochta agus próisis phleanála sa bhfórsa oibre.

6 Ár bhFoirne a Threorú

In 2023, áiseoimid comhráite agus tobsmaointeoireacht idir ár gceannairí agus ár bhfoirne chun tacú le feabhsúcháin seirbhíse a fhorbairt agus nuálaíochtaí a bhaineann amach riachtanais úsáideora seirbhíse. Áiseoimid seisiúin roinnte agus foghlamtha a chur ag obair ar fud na Gníomhaireachta tar éis Ghradaim Sárfeabhais agus Nuálaíochta Tusla. Déanfaimid Creat Inniúlachta Ceannaireachta a athnuachan agus a dhéanamh bailí don Ghníomhaireacht agus é a ailíniú le Samhail Ceannaireachta Atruach mar aon le leanúint ag forbairt ár gClár Luachanna Sofheicthe lena gcuirfimid ár Luachanna agus ár nIompraíochtaí tríd an ngníomhaireacht sa chaoi agus go mbeidh gach duine a oibríonn linn ag baint tairbhe as na luachanna seo.

7 Tacú lenár Leas

In 2023, déanfaimid athbhreithniú ar ár mbeartais ar Leas, Dínit san Ionad Oibre, Bainistíocht Neamhláithreachta, agus beartais ábhartha eile lena chinntiú go dtugaimid tacaíocht do leas an fhostaí mar aon le soláthar seirbhíse a choimeád. Bunóimid Clár Leasa don Ghníomhaireacht atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do láithreach dearfach. Déanfaimid athbhreithniú ar ár gclár Sláinte Cheirde agus Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) lena chinntiú go bhfuil fáil ag ár bhfoireann ar sheirbhísí tráthúla, áitiúla agus réamhghníomhacha.

8 Bheith mar Eagraíocht 'Atá in ann Athrú'

In 2023, déanfaimid Beartas Athruithe a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm, agus oibreoimid le páirtithe seachtracha lena chinntiú go bhfuil Creat Athruithe le haghaidh Tusla ar fáil. Cuirfidh sé sin an samhail agus na huirlisí atá riachtanach chun clár athruithe a chumasú ar fud na Gníomhaireachta chun soláthar seirbhíse a fheabhsú agus a nuáil. Cuirfimid luach poiblí ar fáil agus beimid freagrach trí fhoirne cultúrtha ar luach athruithe. Tríd Atheagrú Eagraíochtúil, aithneoidimid tionscadail a chuirfidh feabhsú agus nuálaíocht ar fáil.



AGUISÍN 1

An Creat Airgeadais (Breise)

Maoiniú ar an Iomlán le haghaidh 2023

Glanchinntiúchán Neamhchaipitil

Is é ollchinnntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2023 ná €1,034.240 milliún (lena n-áirítear €31.370 milliún i gcomhair na hÚcráine agus €49.766 milliún ón Roinn Oideachais). Beidh an méid sin maoinithe, ag €19.814 milliún measta mar shealbhú i gcúnamh ioncaim ó aoisliúntas agus ó asbhaintí a bhaineann le haoisliúntais agus le pinsean. Mar sin, is é glanchinnntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2023 ná €1,014.426 milliún.

Tá leithdháileadh airgeadais 2023 déanta suas go tánaisteach maidir le Glanchinnntiúchán Neamhchaipitil mar atá leagtha amach i dTábla 2, Leithdháileadh Airgeadais maidir le hloncaim 2023:

Tábla 2: Leithdháileadh Airgeadais maidir le hloncaim le haghaidh 2023

	Foinse Maoinithe	Leithdháileadh Iomlán Tusla 2023 €m
Pá		380.051
Pinsin		16.000
Pá Iomlán		396.051
Cúraim Altrama agus Liúntais Eile		127.544
Cúram Cónaitheach agus Cúram Altrama		188.618
Dlí		30.494
Deontas		216.276
Neamhphá Eile		75.257
Neamhphá Iomlán		638.189
Oll-Leithdháileadh Neamhchaipitil	DCEDIY Príomh-fhocheanteideal A3: €899.582m Vóta 26 An Roinn Oideachais: €49.766m DCEDIY DSGBV A7: €38.534m DCEDIY An Úcráin: €31.370m DCEDIY Fo-cheanteidil Eile: €8.076m DCEDIY Na Luathbhlianta B5: €6.912m	1,034.240
Leithghabháil i gcabhair		-19.814
Glan-leithdháileadh Neamhchaipitil		1,014.426

Fo-cheannteideal A3 na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige (DCEDIY)

Tiocfaidh méadú ar an oll-leithdháileadh neamhchaipitil faoin bhfo-cheannteideal faoi €50.283 milliún ó €849.299 milliún in 2022 go €899.582 milliún in 2023; níl maoiniú atá aistrithe as fo-cheannteideal A3 go dtí an fo-cheannteideal A7 DSGBV san áireamh (féach thíos).

Vóta 26 na Roinne Oideachais: TESS, SCP agus AEARS

Beidh an leithdháileadh le haghaidh 2023 a bhaineann le TESS, SCP agus AEARS ón Roinn Oideachais ag €49.766 milliún ar fad le haghaidh 2023; sin méadú de €10.827 milliún ar an leithdháileadh de €38.939 milliún in 2022.

Fo-cheannteideal A7 - Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (DSGBV)

Baineadh maoiniú de €31.654 milliún, atá tiomnaithe do sheirbhísí a thacaíonn le híospartaigh d'fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe, amach as an bpríomhfho-cheannteideal agus aistrithe go fo-cheannteideal A7 nua. Tá sé sin bunaithe chun ligean d'aistriú mín na bhfeidhmeanna in am agus i dtrátha agus cuirtear trédhearcacht ar fáil san idirthréimhse. D'urraigh an Roinn Dlí agus Cirt €6.880 milliún breise, atá aistrithe freisin go fo-cheannteideal A7 agus ciallaíonn sé go mbeidh méid iomlán de €38.534 milliún ag Tusla in 2023 chun tacú le híospartaigh mar gheall ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe le haghaidh 2023.

Leithdháileadh a bhaineann le hÉigeandáil na hÚcráine

Tá maoiniú breise maidir le hÉigeandáil na hÚcráine le caiteachas de €31.370m atá leithdháilte le haghaidh 2023. Beidh an caiteachas iarbhir sa réimse in 2023 ar bhonn éilimh agus beidh sé ag brath ar nádúr leanúnach coinbhleachta agus líon na dteifeach a thagann isteach go hÉirinn a mbíonn seirbhísí Tusla ag teastáil uathu.

Fo-cheannteideal B5 - na Luathbhlianta

Tá maoiniú de €6.912 milliún curtha ar fáil faoi Fho-cheannteideal na Luathbhlianta B5 le haghaidh 2023 agus sin ardú de €0.913 milliún os cionn an €5.999 milliún a bhí leithdháilte in 2022.

Foinsí Eile Maoinithe

Fuair Tusla leithdháilte freisin in 2023 faoi fhoinsí maoinithe fo-cheanteidil eile mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

Tábla 3: Maoiniú Fho-cheanteidil Eile 2023

Fo-cheannteideal	Cur síos	€m
C05	Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga	2.405
C05	Seirbhísí ESF agus Tacaíocht Teaghlaigh	1.127
C05	Maoiniú le haghaidh Ionaid Acmhainní Teaghlaigh	1.000
B08	Beara um Plean Gníomhaíochtaí Cuntais Díomhaoine	3.544
Iomlán		8.076

Soláthar Caipitil

Tá soláthar déanta le haghaidh caiteachas Caipitil ag an nGníomhaireacht le linn 2023 go huasmhéid €17.5 milliún; na sonraí leagtha amach sa Roinn um Chaiteachas Caipitiúil.

Olltoradh lonchais 2022

Olltoradh Réamh-mheasta 2022

Tá Tusla ag réamh-mheas róchaiteachas de thart ar €26 milliún in aghaidh an leithdháileadh buiséid 2022 bunaithe ar a gcuntasaíocht bainistíochta fabhráithe. Fuair an Ghníomhaireacht leithdháileadh breise de €16 milliún ar fho-cheannteideal A3 agus €5m maoiniú breise maidir le caiteachas a bhaineann leis an Úcráin agus laghdóidh siad sin an t-easnamh seo go thart ar €5 milliún. Tarraingeoidh an Ghníomhaireacht anuas a leithdháileadh airgid iomlán le haghaidh 2022.

Tionchar Éigeandáil na hÚcráine

Tá siad ag tuar go mbeidh caiteachas breise a bhaineann le soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh sa Úcráin mar chostas €7m in 2022 ar Tusla agus tá an Ghníomhaireacht ag súil le leithdháileadh breise de €5 milliún ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige.

Tionchar Covid-19

Bhí tionchar Covid-19 ar chaiteachas na Gníomhaireachta in 2022 ná níos lú ná sin in 2021 nó 2020 agus tá siad ag tuar go mbeidh caiteachas go díreach mar gheall ar Covid-19 ag thart ar €2m le haghaidh 2022.

Cibirionsaí TFC

Ar an Aoine, an 14 Bealtaine 2021, d'fhógair FSS do Tusla faoi chibirionsaí agus d'éiligh eagraíocht choiriúil airgead fuascailte agus creidtear go bhfuil siad ag feidhmiú lasmuigh den Stát. Ó tharla go raibh Tusla ag brath ar fad beagnach ar chórais TFC FFS, bhí gá le gach córas Tusla a dhúnadh síos tar éis na himeachta chun breis ionsaithe a chosc. Níor chuir an cibirionsaí as don líonra nua TuslRL, atá ar an t-aon líonra TFC Tusla a forbraíodh mar thionscnamh de na Straitéisí TFC agus Bainistíocht Sonraí. Ní raibh aon chaillteanas airgeadais díreach ar Tusla mar thoradh ar an ionsaí. Bunaíodh Tionscadal Ar Ais chun aon impleacht leanúnach nó féideartha den cibirionsaí a mhaoirsiú agus a bhainistiú le haghaidh Tusla.

Leagann Tábla 4 amach an toradh réamh-mheasta agus an difear in aghaidh an bhunbhuiséid trí chineál caiteachais le haghaidh 2022 le coigeartú le haghaidh leithdháiltí breise:



Tábla 4: Olltoradh Ionchais 2022

Réamhaisnéis Iomlán na Bliana 2022					
An Cineál Caiteachais	Catagóir Achoimre	Réamhaisnéis Bhliantúil (€m)	Buiséad 2022 (€m)	Difríocht Réamhaisnéise (€m)	Difríocht Réamhaisnéise (%)
Pá	Gníomhaireacht	15.667	0.000	15.667	-
	Ar phárolla	314.413	344.946	-30.533	-9%
	Pá Pinsin	16.079	13.000	3.079	24%
Pá Iomlán		346.158	357.946	-11.788	-3%
	Cúram Altrama agus Costais Eile	119.515	120.967	-1.451	-1%
	Deontais	198.180	194.060	4.121	2%
	Dlí	33.260	30.492	2.769	9%
	Neamhphá Eile	57.890	60.022	-2.132	-4%
	Soláthar Socrúcháin Neamhspleách	200.309	155.842	44.466	29%
	Taisteal do Bhaill Foirne	9.348	10.433	-1.085	-10%
Neamhphá Iomlán		618.503	571.815	46.687	8%
Ioncaim Iomlán		-18.143	-9.869	-8.274	84%
Aoisliúntas/Ioncam Iomlán PRD		-17.596	-17.144	-0.452	3%
Glanchaiteachas		928.922	902.748	26.174	3%
Leithdháileadh Breise A3		0.000	16.187	-16.187	-
Leithdháileadh Breise le haghaidh na hÚcráine		0.000	5.000	-5.000	-
Difríocht Athbheithnithe tar éis Méideanna Breise		928.922	923.935	4.987	1%

Costais Íocaíochta

Éiríonn an gannchaitheamh tuartha ar phá de €19m go neasach go príomha mar gheall ar líon na n-imeachtóirí foirne atá beagnach cothrom le líon na ndaoine a tháinig isteach, a bhfuil méadú measartha ar líon na gcoibhéis fostaí lánaimseartha (WTE) sa Ghníomhaireacht le linn 2022. (Léirítear an figiúr mar €11.7m ar líne Pá le méid breise do dhámhachtain íocaíochtaí de €7m san áireamh san íochtair).

Deontais do Ghníomhaireachtaí Lasmuigh

Tá an róchaitheamh ar Dheontais de thart ar €4m ag teacht le foinsí ioncaim bhreise a mhaoiníonn caiteachas deontais bhreise.

Dlí

Tá costais dlí ar €33.3 milliún réamh-mheasta níos mó ná mar a bhí in aghaidh an bhuiséid de €30.5 milliún faoi €2.8 milliún in 2022. Tá an brú costais suntasach i nDlí sna réimsí costais do Chaomhnóir Ad Litem (GAL) agus costais dlí 3ú páirtí. Tá an caiteachas seo bunaithe ar éileamh ó tharla go bhfuil an tseirbhís coimisiúnaithe ag na Cúirteanna. Íocann Tusla na soláthróirí, ach tá coimisiúnú GAL agus seirbhísí dlí ábhartha curtha i dtreo na gCúirteanna.

Neamhphá Eile

Tá an gannchaitheamh tuartha de €2.1 milliún maidir le Neamhphá Eile bunaithe go príomha ar ghannchaitheamh ar Chíosanna.

Soláthar Socrúcháin Neamhspleách/Soláthar Cúraim Cónaitheach

Tá leanaí le riachtanais atá ag éirí casta ag teacht faoi chúram agus bíonn éileamh breise cruthaithe le haghaidh sainshocrúcháin cónaithe do na leanaí seo. Tá ardú tagtha ar líon na leanaí atá faoi chúram cónaithe príobháideach, faoi chúram altrama príobháideach agus i

socrúcháin lóistín éigeandála speisialta in 2022 agus tá róchaiteachas tuartha de €44.5 milliún sa réimse seo dá bharr. Ar an róchaitheamh sa réimse seo tá c€15m dlite ó FSS chun tacú le cásanna Míchumais de réir na riachtanas do chostais a roinnt faoin gComhphróctacal ar Sheirbhísí Míchumais.

Taisteal Foirne

Tá costais taisteal foirne in 2022 tuartha le bheith faoi bhuiséad faoi €1 milliún agus tá sé sin de bharr úsáid leanúnach obair chianda/sa bhaile agus cruinnithe ar líne.



Réimsí Riosca Airgeadais

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta ar an bPlean Gnó a chur ar fáil laistigh den leithdháileadh a cuireadh ar fáil dó le haghaidh 2023. Ciallaíonn nádúr na seirbhísí atá curtha ar fáil go mbeidh sábháilteacht agus cúram linbh atá faoi riosca mar phríomhghné chun cinntí caiteachais a chinneadh. Bíonn soláthar seirbhíse éifeachtach agus luas pleanáilte athchóirithe ag brath ar acmhainní dóthanacha atá ar fáil agus cuirtear fáilte roimh na hacmhainní breise atá curtha ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh 2023 agus cabhróidh siad go mór sna hiarrachtaí leanúnacha chun cúram agus seirbhísí atá curtha ar fáil ag Tusla do leanaí leochaileacha agus a muintir inár sochaí.

Tá na príomhréimsí riosca airgeadais don Ghníomhaireacht in 2023 leagtha amach anseo thíos:

Soláthar Seirbhísí laistigh de Leithdháileadh

Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht maoirseacht láidir ar an Leithdháileadh a bhainistiú lena chinntiú go bhfuil an riosca féideartha is lú ag an róchaiteachas in 2023. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne chun comhaontú a dhéanamh ar bhearta le haghaidh gníomhú i gceart, maidir le comhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla agus moltaí seachadta seirbhíse, má éiríonn an riosca de róchaiteachas.

An Úcráin: Tá maoiniú de €31.370 milliún leithdháilte chun seirbhísí a chur ar fáil do leanaí ón Úcráin le haghaidh 2023. Oibreoidh Tusla go dlúth leis an Roinn chun an t-eolas is gá a chur ar fáil chun an leithdháileadh seo a bhainistiú. Tá soláthar seirbhísí laistigh de leithdháileadh ag brath, áfach, ar líon na leanaí a thagann go hÉirinn in 2023 agus ar leibhéal na seirbhísí a mbeidh gá leo do leanaí atá ag teitheadh an chogaidh.

Seirbhísí Cónaithe: Bhí éileamh mór ar Tusla in 2022 maidir le leanaí le riachtanais chasta a d'éiligh sainseirbhísí agus iad lonnaithe ar bhonn éigeandála go minic. Tá sé mar riachtanas do na leanaí seo cúram beirt ar dhuine amháin ar a laghad a bheith acu do thréimhsí níos faide ama ar chostas de níos mó ná €0.8m in aghaidh na háite ar bhonn bliantúil. Cé go bhfuil gá le hacmhainní suntasacha, tá líon na leanaí a lorgaíonn na socrúithe seo an-ard agus tá siad ag tuar go leanfaidh sé sin in 2023, rud a chruthóidh éilimh shuntasach ar acmhainní.

Tá costas na socrúcháin Cónaithe Príobháideach ag fanacht ar níos mó ná €300k in aghaidh na bliana agus cosnaíonn gach socrúchán i gCúram Altrama Príobháideach níos mó ná €50k in aghaidh na bliana. Táimid ag tagairt don IGEES don athbhreithniú foilsithe de na costais a bhaineann leis an tseirbhís agus tá an tuarascáil seo ar fáil ar an nasc seo. <https://igees.gov.ie/wp-content/uploads/2020/11/Tusla-Residential-Care-Costs.pdf>

Seirbhísí Míchumais: Leanann an t-éileamh ar sheirbhísí do leanaí agus daoine óga a bhfuil diagnóis de Mhíchumas Meánach go Trom faoi chúram Tusla ag fás i gcónaí. Tháinig comhaontú idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte in 2020 go roinnfear na costais ar na seirbhísí seo le Tusla. Tá gach cás nua ina gcuirtear leanbh faoi chúram le diagnóis de Mhíchumas Meánach go Trom san áireamh.

Déanfar an comhaontú seo a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn le comhghleacaithe FSS le haghaidh 2023. Ó tharla go bhfuil an comhaontú ag brath ar mhaoiniú atá ar fáil laistigh d'acmhainní FSS, is srian é seo ar an méid atá ar fáil do Tusla in 2023. In 2022, bhí an costas a bhain leis na socrúcháin seo os cionn €41m. Is é costas FSS measúnaithe do na

seirbhísí seo ná €26m agus chuir FSS thart ar €11m ar fáil in 2022 le haghaidh sin, agus bhí easnamh de thart ar €15 milliún mar thoradh air a bhí maoinithe ag Tusla.

Clár IRPP: Fuair Tusla leithdháileadh de €5m breise le haghaidh socrúcháin nua comhaontaithe faoin gclár seo ó 2021 atá ar fáil go fóill le haghaidh socrúcháin bhreise in 2023. Déanfaidh Tusla an mhaoiniú nua seo a uasmhéadú chun freastail ar leanaí a thagann go hÉirinn tríd an gclár seo, a bhfuil uaslóistín de c.90 socrúchán. Tá méadú gear tagtha ar líon na leanaí nach as an Úcráin iad a lorgaíonn cosaint in 2022 agus d'fhéadfadh dúshlán mhaoinithe a bheith i gceist in 2023.

Pá

Tá Straitéis Pá agus Uimhreacha curtha i bhfeidhm ag Tusla chun coibhéis lánaimseartha a aithint le leithdháileadh buiséid pá in éineacht leis do Réigiúin/Ceantair Seirbhíse Tusla, Seirbhísí Náisiúnta agus Stiúrthóireachtaí Corparáideacha. Ó tharla nach bhfuair an Ghníomhaireacht maoiniú breise do jabanna nua in 2023, fanann an sprioc coibhéis lánaimseartha inacmhainne a measadh ar 5,289 coibhéis lánaimseartha lánmhaoinithe le haghaidh 2022. Leanfaidh an sprioc seo ag feidhmiú mar rialú ardleibhéil ar chostas pá agus uimhir in 2023 lena chinntiú go bhfanann an Ghníomhaireacht laistigh dá leithdháileadh pá.

Tá **costais phinsin** tiomanta ag an líon ard de bhaill foirne atá ag éirí as ná mar a buiséadadh in 2022 agus táimid ag súil go mbeidh líon na ndaoine ag dul ar scor ard i gcónaí in 2023. Ní féidir na costais seo a rialú i dtéarmaí feidhmíocht airgeadais agus tá siad deacair a mheas go cruinn. Tá an plean seo ullmhaithe ar an mbonn go bpléifear le fadhbanna maoinithe a bhaineann le pinsean ar leith ó na hacmhainní ginearálta do sholáthar seirbhíse.

Seirbhísí Iarchúraim: Tá Tusla ag geallúint beagnach €45.0 milliún do sheirbhísí iarchúraim in 2022. Tacaíonn an chuid is mó den infheistíocht le daoine óga leochaileacha atá ag fágáil cúraim atá faoi thionchar míchumais, andúile nó fadhbanna sláinte mheabhrach mar aon le leochaileachtaí a d'fhulaing leanaí a chaith a saoil óga faoi chúram an stáit. Bheadh go leor de na daoine óga seo gan dídean mura mbeadh na tacaíochtaí seo ar fáil. Mar gheall ar éigeandáil Covid-19, d'fhan go leor in iarchúram níos faide ná mar a bheadh go hiondúil, rud a d'ardaigh na costais.

Seirbhísí Siceolaíochta: Leanann an Ghníomhaireacht ag íoc FSS do sheirbhísí siceolaíochta ar fiú €7 milliún ar fad go bliantúil. Ceannaíonn Tusla seirbhísí teiripeacha freisin ar chostas €4.3 milliún in 2022, agus tá siad ag meas ag leanfaidh sé in 2023.

Tá costais do **Chaomhnóir Ad Litim** cinnte ag cinntí na Cúirte ar leith agus bíonn caiteachas bunaithe ar éileamh agus ní mór go mbainfeadh an Ghníomhaireacht amach na costais seo. Tá an baol ann go mbeadh an caiteachas do GALanna ag sárú an buiséad leithdháilte mar gheall ar a nádúr dothuartha.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaidh Tusla **Íocaíochtaí don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát** a íoc le haghaidh an costas ar éilimh a bhainistiú agus a shocrú a d'éirigh sna blianta roimhe sin in 2023. Tá na híocaíochtaí seo den nádúr dlí agus teicniúil agus ní chuireann an plean gnó aon chaiteachas ar fáil faoin gceannnteideal seo mar nach bhfuil aon bhuiséad i bhfeidhm chun an caiteachas seo a chlúdach.

Caiteachas TFC méadaithe: Tá infheistíocht shuntasach déanta sna córais nua, aistriú go TuslaIRL, cumasú soghluaiseachta, nascacht, trealamh, agus bainistíocht sonraí de réir TFC

na Gníomhaireachta agus Straitéisí Bainistíocht Sonraí. Tá tionchar ar na costais oibríochta méadaithe sa réimse seo in 2022 agus méadú tuartha arís in 2023.

Próisis Lámhphróiseála: Mar gheall ar easpa stairiúil infheistíochta in TFC, tá roinnt próisis íocaíochta de láimh agus mar sin bíonn riosca méadaithe mar gheall ar rialúcháin de láimh agus easpa uathoibrithe. D'aithin an Ghníomhaireacht an riosca ard seo agus cuireadh i bhfeidhm é le rialaithe a mhaolú sna réimsí seo. Táthar ag súil go mbeidh roinnt de na fadhbanna seo réitithe le haistriú go próisis dea-chleachtais faoin gcóras airgeadais IFMS ach ní bheidh sé sin beo roimh Cheathrú 3 2023.

Fadhbanna FSS maidir le Meabhrán Tuisceana (MOU): Aithníonn meabhrán tuisceana le FSS maidir le seirbhísí a roinnt nár socraíodh Tusla le bonneagar corparáideach riachtanach a bheadh gá leis chun tacaíochtaí a chur ar fáil chun eagraíocht ar an méid sin a rialú agus a riaradh. Cé gur tháinig fás ar Tusla ó 2014, fanann a bhonneagar lárnach le haghaidh Airgeadais, Soláthar, seirbhísí Acmhainní Daonna agus Eastáit ag brath go trom ar FSS. Beidh laghdú suntasach ar an spleáchas ar an mbonneagar TFC, ach ní bheidh sé fágtha amach, trí thionscadal TuslaIRL a chur i bhfeidhm in 2022.

Fainicí Sonraí agus barúlacha eile: Tá an t-eolas airgeadais atá faoi bhun ag an bplean faoi réir na srianta ar leith de na córais airgeadais FSS atá faoi réir srian doiciméadaithe. Tá gach iarracht déanta laistigh den am agus na hacmhainní atá ar fáil lena chinntiú go gcuirtear na meastúcháin ar fáil sa phlean chomh cruinn agus is féidir ag am a ullmhúchán. Ní mór go léifear é sa chomhthéacs thuas, agus tá sé aitheanta go mbeadh lamháil earráide chomh beag le 0.5% cothrom le thart ar €5milliún i nglanchaiteachas don Ghníomhaireacht.

Caiteachas Caipitil

Tá leithdháileadh caipitil 2023 beartaithe sa chéad áit chun gealltanais chonarthacha reatha a bhaint amach a tháinig faoi Phleananna Caipitil roimhe sin mar aon le riachtanais seirbhíse molta amach anseo.

Tosaíochtaí Plean Caipitil 2023

Tá forbairt déanta ar thosaíochtaí Plean Caipitil le míonna beaga anuas. Tá sé tábhachtach nóta a dhéanamh de thiomantais reatha maidir le tionscadail caipitil leanúnacha a tháinig chun cinn in 2022 nó níos túisce, cosúil le tionscadail athchóirithe móra in Naomh Fiontán, Port Laoise agus i Naomh Seosamh, Luimneach, mar aon le tionscadail caipitil bheaga nach n-íocfar go hiomlán go dtí go luath in 2023.

Moltar clár caipitil uailmhianach mar chuid de Straitéis Eastát Tusla, a d'fhaomh an Bord in 2019, agus rinneadh soláthar don túsmaoiniú do thionscadail den sórt sin faoin gceannnteideal ginearálta "Straitéis Eastát", mar aon leis an bhforbairt leanúnach de thionscadal nua a mholtar i gCampas Naomh Dymrna, Ceatharlach agus ceann i gCeapach Choinn, Co. Phort Láirge. Tá maoiniú curtha ar fáil freisin do chlár caipitil bhliantúla leanúnacha, lena n-áirítear an Clár Mionchaipitil (lena n-áirítear comhlíonadh reachtúla, monatóireacht coinnill, riosca infreastruchtúir, oibreacha frithghníomhacha, agus iomláine sócmhainne), agus an Clár Athsholáthar Trealamh. Tá soláthar déanta i leithdháileadh caipitil 2023 chun an chéad chéim a mhaoiniú den aistriú de fhlít Tusla go feithiclí leictreacha, mar aon le hinfreastruchtúr luchtaithe a bhaineann leis. Cé go bhfuil flít Tusla nuachóirithe go fairsing ó bunaíodh an Gníomhaireacht, tá roinnt feithiclí le hathchur ar aon nós, agus tá an deis aistriú go Feithiclí Leictreacha mar chuid dár n-oibleagáidí Gníomhaithe ar son na hAeráide. Seachas a aois, tá an

flít mar sin go mbeidh athchur ag teastáil ar bhonn céimnithe le feithiclí leictreacha atá níos fearr don aeráid, chun teacht le gealltanais an Rialtais maidir le laghdú carbóin. Ar deireadh, tá soláthar déanta chun clár cuimsitheach a chur i gcrích de shuirbhéanna faoi choinníollacha tógála, rud atá leanúnach.

Tá rannpháirtíocht fhoirmeálta leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige ó 2020, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe NDP faoi mar a mholadh i gClár don Rialtas. Cuireadh deis ar fáil chun riachtanais lóistín nach beag de chuid Tusla a aithint, agus den ghá atá le leibhéil mhéadaithe níos mó de mhaoiniú caipitil sna blianta amach romhainn, cé go bhfuil sé soiléir nach bhfuil sé i gceist go mbeadh aon ardú mór i maoiniú caipitil go dtí 2024/25 ar a luaithe. Déanfar an Straitéis Eastát a athbhreithniú in 2023 i gcomhthéacs an tírdhreach faoi mhaoiniú caipitil atá ag athrú agus an riachtanas aitheanta chun caipitil inmheánach níos mó a thógáil laistigh d'Eastáit Tusla chun tacú le agus cur le seirbhísí na Gníomhaireachta amach anseo.

Tacóidh an plean caipitil le hinfheistíocht leanúnach i dtionscnaimh digitithe agus nuálaíochta a chuirtear ar fáil faoi Straitéisí TFC agus Bainistíocht Sonraí Tusla, agus tá soláthar déanta freisin chun Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite (IFMS) a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar Chóras Airgeadais amháin do FSS agus Tusla ar fad le chéile. Tá achoimre ar na príomhfhorbairtí caipitil molta le haghaidh 2023 i dTábla 5:

Tábla 5: Forbairtí Caipitil Pleanáilte le haghaidh 2023

Réimse	Mír	2023 €m
Eastáit	Riosa Mionchaipitil/Infreastruchtúir	6.000
Eastáit	Naomh Iósaef, Luimneach, Céim 2	0.500
Eastáit	Naomh Fiontán, Port Laoise	0.150
Eastáit	Teach CRS ionaid, Ceapach Choinn	0.050
Eastáit	Síneadh ar áitreabh Tusla, Ceatharlach	0.400
Eastáit	Trealmhú	0.250
Eastáit	Tithe CRS a cheannach	2.500
Eastáit	Flít a athchur & a athrú go Feithiclí Leictreacha	1.150
Eastáit	Tionscadal Suirbhé ar Riochtú Náisiúnta	0.050
Eastáit	Straitéisí Eastát - tionscadail nua	0.100
Fo-iomlán na nEastát		11.150
TFC	Infreastruchtúir	2.900
TFC	Feidhmeanna (Forbairt Aipeanna & Soláthar Aipeanna)	2.000
TFC	Bainistíocht Sonraí agus Anailísíocht	0.200
TFC	Tionscnaimh tionscadail bhliantúla	0.600
Fo-iomlán TFC		5.700
Airgeadas	IFMS a chur i bhfeidhm	0.650
Fo-iomlán Airgeadais		0.650
Móriomlán		17.500



Tosaíochtaí Airgeadais 2023

Beidh Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite (IFMS) á chur i bhfeidhm mar phríomhthiománaí ar phróiseas airgeadais agus feabhsú teicneolaíochta sna blianta atá le teacht. Maidir leis an aistriú seo ó chóras airgeadais amháin do FSS agus Tusla ina iomláine bainfear úsáid as an teicneolaíocht bogearraí airgeadais SAP is déanaí agus beidh sé bunaithe ar phróisis deartha de réir dea-chleachtais. Tá Tusla ar an gcéad ghrúpa aonán le haghaidh imlonnú agus plean oibre a chur i bhfeidhm lena mbaineann imlonnú Tusla mar ullmhúchán in 2022, agus imlonnú atá sceidealaithe anois don chéad leath de 2023, agus dáta a bheidh beo i gCeathrú 3 in 2023.

Is tosaíocht leanúnach do 2023 le haghaidh Airgeadas obair lenár gcomhghleacaithe TFC chun an úsáid is fearr a dhéanamh de theicneolaíocht chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht de phróiseáil airgeadais a fheabhsú laistigh den Ghníomhaireacht.

Beidh tábhacht na Stiúrthóirí Airgeadais maidir lena bpríomhacmhainn, a fhoireann oilte agus eolach, mar phríomhfhócas in 2023 maidir le hoiliúint agus forbairt phearsanta.

Leanfaidh an fheidhm Airgeadais ag infheistiú i rialachas airgeadais foriomlán na Gníomhaireachta in 2023.

Feabhsúcháin Rialachais Airgeadais le haghaidh 2023

Tá measúnú déanta ag an nGníomhaireacht ar Rialú Inmheánach i Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla le haghaidh 2021. Leagann an Ráiteas ar Rialú Inmheánach amach bearta atá an Ghníomhaireacht ag glacadh chun dul i ngleic le fadhbanna rialaithe ar fud na Gníomhaireachta. Tharraing an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuarascáil ar Ráitis Airgeadais 2021 aird ar Sholáthar Neamhchomhlíontach agus an sárú slándála TFC a tharla mar gheall ar an gcibirionsaí bogearraí éirice ar FSS. Leanfar le hobair in 2023 chun rialaithe a fheabhsú sna réimsí seo.

Tosaíochtaí Soláthair 2023

Is gníomhaíocht ardriosca é soláthar poiblí don Ghníomhaireacht mar gheall ar nádúr casta na bpróiseas sainsheirbhísí linbh agus teaghlaigh a sholáthar nuair nach bhfuil cur chuige amháin chun soláthairtí do na cineálacha conarthaí seo a dhéanamh.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht ag feabhsú a chomhlíonadh le rialacháin soláthair mar atá leagtha amach i Rialacháin na hÉireann 2016 (Treoir AE 2014/24) atá ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha.

AGUISÍN 2

Spriocanna/Bearta Gníomhaíochtaí do Bhliain 3

Bhí sonraí ar Phlean Corparáideach 2021 - 2023 ina raibh na spriocanna agus na bearta gníomhaíochta a chuirfidh an Ghníomhaireacht chun cinn thar a thréimhse trí bliana. Leagann an tábla seo amach spriocanna/bearta gníomhaíochta na Gníomhaireachta le haghaidh 2023:

Spriocanna 2023

Laghdú 10% ar na liostaí feithimh (CPW)

Socrúcháin Éigeandála Speisialta (SEAanna): Laghdú 10% ar líon na SEAanna ó Nollaig 2022

Méadú 4% ar aon dul le Caighdeáin Náisiúnta
(Le haghaidh Cosaint agus Leas Leanaí, Cúram Cónaithe agus Cúram Altrama)

Scrúdú ar gach seirbhís ardriosca go bliantúil

Scrúdú ar gach Seirbhís Luathbhlianta uair amháin ar a laghad thar an roth clárúcháin trí bliana

Laghdú 10% ar leanaí atá ag fanacht le measúnú le haghaidh scolaíocht bhaile

Gheobhaidh gach Ionad Cónaithe Príobháideach scrúdú bliantúil amháin, ar a laghad

Dífeair 0% ó Uimhreacha Pá Inacmhainne

Coinneáil foirne go 92% in 2023

Ráta neamhláithreachta go 6% in 2023

Sprioc trí bliana a bhaint amach de mhéadú 15% sa sprioc le haghaidh réiteach áitiúil ar ghearáin

0 gearán oscailte níos faide ná 6 mhí

Dífeair 0% ó na buiséid ar fad

95% de gach iarratas seirbhíse TFC curtha i gcrích laistigh d'aga tagartha Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse

60% de ghníomhaireacht KPI tuairiscithe go huathoibríoch ag réitigh faisnéis airgeadais digiteacha

90% de sheirbhísí le roghanna Digital First ar fáil ar Thairseach Tusla chun úsáideoirí seirbhíse a chur ar fail leis an rogha foirmeacha/aighneacht/iarratas/clár ar líne a chur faoi bhráid

90% taifid de ghníomhaíochtaí seirbhíse a phróiseáil tacaithe ag córais bhainistíochta cás digiteach

Bearta Gníomhaíochta 2023

Laghdú i sárúithe sonraí

2 Sheirbhís Barnahus bunaithe i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath

Ráitis sábháilteachta ar leith faoin suíomh i bhfeidhm d'áitribh tosaíochta, ar bhonn áitíochta agus riosca

Laghdú ar líon na dtaismí d'Fhoréigean agus de Chiapadh san ionad oibre thar thréimhse trí bliana

Bailiúchán córasach de shonraí DSGBV ar fud earnáil tacaíthe Tusla agus a úsáid chun eolas a thabhairt ar chinnteoireacht

Gníomhaíochtaí Tusla sa Straitéis Cuimsithe Náisiúnta don Lucht Siúil agus Romach curtha i bhfeidhm

Léarscáil shoiléir a bheith ag gach réigiún den líonra seirbhísí comhtháite de chomhairleoireacht agus tacaíochtaí teiripeacha

Críoch a chur le Straitéis Ráitis Sábhála Leanai 5-bliana a chur i bhfeidhm

Creidiúnú Seachtrach a fháil do Chigireacht sna Luathbhlianta

An % de sheirbhísí luathbhlianta a fhoilsiú a bhaineann amach comhlíonadh tar éis an bpróiseas iniúchta

Foilseoidh Tusla tuarascáil ar ghníomhaíocht Phainéal Forfheidhmithe Cláraithe Náisiúnta (NREP) gach bliain

6 chomhdháil feidhmíochta démhósacháin ar siúl in 2023

Samhail oibriúcháin a fhorbairt chun tacú le hacmhainn anailíseach gnó laistigh de Tusla

Creat torthaí a fhorbairt agus dul i gcomhairle leis mar ullmhúchán ar é a chur i bhfeidhm

Plean taighde straitéiseach a fhaomhadh agus liosta na dtionscadal tosaíochta i bhfeidhm

Treocht in airde ar líon na mball foirne a ghlacann páirt i ndeiseanna oiliúna

Méadú ar líon na gcéimithe a earcaítear sna Gráid Oibrí Sóisialta agus na n-Oibrithe Cúram Sóisialta in 2023 v 2022

Clár Feasachta faoi Iompraíochtaí curtha i bhfeidhm faoi 2023

Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí curtha i bhfeidhm

Gach seirbhís oibríochtúla náisiúnta mapáilte go seirbhísí réigiúnacha de réir creat seachadta náisiúnta

Tionscadail de thart ar €45m a chur ar fáil (Eastáit agus TFC)

Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite a úsáid

Athbhreithniú athbhreithnithe ar Phróiseas Rialaithe Inmheánach Éifeachtach agus Plean Gníomhaíochta Feabhsaithe a chur i bhfeidhm

Bunathrú Digiteach curtha chun cinn do gach príomhsheirbhís de chuid na Gníomhaireachta

Na haidhmeanna agus na cuspóirí ar fad a chur i gcrích ar na Straitéisí Bainistíocht Sonraí agus TFC

Tá cáipéis ar leith d'Aguisín 4 ann freisin ina sonraítear tosaíochtaí an Aire mar atá leagtha amach sa Ráiteas Feidhmíochta agus an chaoi a bhfuil Tusla ag freagairt do gach ceann acu. Déantar faireachán air sin go díreach trí rannpháirtíochtaí déthaobhacha ar leibhéal na n-oifigeach.

AGUISÍN 3

Liosta Giorrúchán

Téarma	Giorrúchán
AEARS	Seirbhís Chlárúcháin agus Measúnuithe um Oideachas Malartach
AGS	An Garda Síochána
C&AG	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
CASP	Nós Imeachta Cruthú Mí-úsáid Leanaí
CHI	Sláinte Leanaí na hÉireann
CPAC	Cosaint Leanaí agus Cúram Malartach
CPP	Plean Corparáideach Soláthair
CYPSC	Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
DCEDIY	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige
DEIS	Cothromaíocht Deiseanna a chur ar fáil sna Scoileanna
DoE	An Roinn Oideachais
DoJ	An Roinn Dlí agus Cirt
DSGBV	Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe
ELS	Leibhéal Seirbhíse Reatha
EMT	Foireann Bainistíochta Feidhmeannachta
ESF	Ciste Sóisialta na hEorpa
EU	An tAontas Eorpach
EY	Luathbhlianta
FRC	Ionad Acmhainní don Teaghlach
GAL	Caomhnóir Ad Litem
GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Téarma	Giorrúchán
HR	Acmhainní Daonna
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
ICT	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
IFMS	Córas Bainistíochta Airgeadais Comhtháite
IGEES	Seirbhís Meastacháin agus Geilleagrach Rialtas na hÉireann
IRPP	Clár Cosanta do Theifigh in Éirinn
LGBTI+	Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach
MOU	Meabhrán Tuisceana
NCCIS	Córas Faisnéise Náisiúnta do Chúram Leanaí
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NORMSIC	An Choiste Feabhsúcháin Seirbhíse agus Bainistíocht Riosca Oibríochta Náisiúnta
NREP	Painéal Forfheidhmithe Cláraithe Náisiúnta
QMS	Córas Bainistíochta Cáilíochta
SCP	Clár Críochnaithe Scolaíochta
SEA	Socrúcháin Éigeandála Speisialta
TCM	Bainistíocht Cáis ina lomláine
TESS	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla
VHA	Foréigean, Díobháil agus Ionsaí
WTE	Coibhéis Fostaí Lánaimseartha

